**RÚN (AE) 2023/1957 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (roimh an 30 Samhain 2021: an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2) don bhliain airgeadais 2021**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do cinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0083/2023),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin ('Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan') don tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2017 i mí Bealtaine 2008 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde le Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ([1]) ón gComhairle; de bhrí, i mí Bealtaine 2014, gur ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ([2]), lena gcuirtear síneadh le saolré an Chomhghnóthais faoin gclár Fís 2020 go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 ('Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan 2'); de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan) i mí na Samhna 2021 le Rialachán (AE) 2021/2085 ([3]) ón gComhairle chun teacht in ionad Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan 2, faoin gclár Fís Eorpach don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031;

B. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) i réimse an taighde agus na nuálaíochta i dteicneolaíocht hidrigine agus breosla-chealla agus gurb iad AE a chomhaltaí bunaidh, a ndéanann an Coimisiún, an Grúpáil Tionscail (Hydrogen Europe) agus an Ghrúpáil Taighde (Hydrogen Europe Research) ionadaíocht orthu;

C. de bhrí go mbeidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2), lena n-áirítear leithreasuithe LEE, chun costais riaracháin agus oibriúcháin a chumhdach suas le EUR 1 bhilliún, lena n-áirítear suas le EUR 30,193 mhilliún le haghaidh costais riaracháin;

D. de bhrí go ndéanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó socróidh siad go ndéanfaidh siad ranníocaíocht iomlán EUR 1 bhilliún ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 30 30,193 milliún le haghaidh costais riaracháin, thar an tréimhse 10 mbliana mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2085;

E. de bhrí gurb é cuspóir foriomlán an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nualaíochta san Aontas i réitigh agus teicneolaíochtaí hidrigine glaine, faoi chlár cistiúcháin nua an Aontais don taighde agus don nuálaíocht, is é sin Fís Eorpach;

### Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur geal léi, de réir na tuarascála ón gCúirt Iniúchóirí ar na cuntais bhliantúla ('tuarascáil ón gCúirt'), go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais a tháinig chun deiridh an 31 Nollaig 2021, ar gach slí ábhartha, i ndáil le staid airgeadais an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2), torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta iad, ar gach slí ábharach, na hidirbhearta is bonn leis na cuntais;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 lena ndéantar an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin a chur ar bun (IO L 153, 12.6.2008, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 108).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

2. á aithint go mbeartaítear leis an gclár Fís Eorpach spriocanna uaillmhianacha don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2), spriocanna nach féidir a bhaint amach ach amháin má dhéantar réitigh éifeachtacha a dhearadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh agus lena n-ullmhaítear do na dúshláin a bheidh ann amach anseo a eascróidh as freagrachtaí méadaithe, amhail i réimse na bainistíochta agus na pleanála acmhainní daonna; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, gur riosca suntasach earráide atá i ríomhanna agus ceanglais tuairiscithe atá an-chasta agus a bhfuil ualach mór ag baint leo agus á iarraidh, dá bhrí sin, chun féachaint ar na féidearthachtaí atá ann simpliú a dhéanamh nuair is féidir agus ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

3. ag tabhairt dá haire go raibh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de EUR 15,8 milliún (i gcomparáid le EUR 104,2 milliún in 2020) agus leithreasuithe íocaíochta de EUR 56,2 milliún (i gcomparáid le EUR 103,8 in 2020) san áireamh sa bhuiséad críochnaitheach atá ar fáil sa Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2), lena n-áirítear leithreasuithe nár úsáideadh arís ó bhlianta roimhe sin, ioncaim shannta agus ath-leithdháileadh ar an mbliain dár gcionn, don bhliain airgeadais 2021; ag tabhairt dá haire gur shroich feidhmiú foriomlán bhuiséad 2021 na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhar íocaíochta 97 % (i gcomparáid le 94 % in 2020) agus 87 % (95 % in 2020) faoi seach;

4. ag tabhairt dá haire, i gcomparáid le 2020, gur tháinig laghdú 85 % ar leithreasuithe 2021 i dtéarmaí gealltanas agus laghdú 44 % i dtéarmaí íocaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur mar gheall ar an easpa glaonna a seoladh in 2021 ba chúis leis an laghdú ar bhuiséad 2021; ag tabhairt dá haire nach raibh aon réamh-mhaoiniú beartaithe do 2021;

5. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, as an ranníocaíocht uasta de EUR 470 milliún, amhail dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/2085 agus i gcinntí arna nglacadh dá bhun, gur ranníoc an tAontas EUR 426,5 milliún san iomlán in airgead tirim agus i gcomhchineál ón Seachtú Clár Réime um Thaighde agus gur chuir comhaltaí na nGrúpaí Tionsclaíochta agus Taighde EUR 466 mhilliún san iomlán ar fáil, arbh ionann é agus EUR 443,9 milliún de ranníocaíochtaí comhchineáil i dtionscadail an Seachtú Creatchlár Taighde;

6. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil ón gCúirt, gur gheall an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2), ag deireadh 2021, EUR 425,5 milliún (95 %) de ranníocaíocht uasta AE do chomhaontuithe deontais ón Seachtú Clár Réime um Thaighde a bhfuil thart ar EUR 3 milliún (0,7 %) de fós le híoc sna blianta atá le teacht; ag tabhairt dá haire gur sholáthair comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil ar an leibhéal céanna; ag tabhairt dá haire gurbh é 97,8 % an ráta cur chun feidhme do bhuiséad íocaíochta 2021 an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) atá ar fáil do thionscadail an Seachtú Clár Réime Taighde (i gcomparáid le 89 % in 2020) agus, ina theannta sin, nach raibh aon leithreasuithe faoi chomhair gealltanas oibriúcháin 2021 ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) toisc gur chríochnaigh sé a ghlao deireanach ar thograí faoi dheireadh 2014;

7. ag tabhairt dá haire gur ranníoc an tAontas, ag deireadh 2021, EUR 545,5 milliún san iomlán ó Fhís 2020 agus gur ranníoc na comhaltaí príobháideacha EUR 50 milliún san iomlán in airgead tirim agus ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe, a chuimsíonn EUR 38,6 milliún i ranníocaíochtaí comhchineáil i dtionscadail Fís 2020 de chuid an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2);

8. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil leibhéal ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha bailíochtaithe le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla EUR 38,6 milliún, mar gheall ar an bhfíoras go ndeimhníonn an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) iad níos déanaí sa chlár Fís 2020, nuair a dhéantar an íocaíocht deiridh do na tionscadail agus nuair a bheidh na deimhnithe ráitis airgeadais dlite; á chur in iúl gur geal léi gur ranníoc na comhaltaí príobháideacha EUR 1 039 milliún comhchineáil san iomlán le gníomhaíochtaí breise amhail ag deireadh 2021, níos mó i bhfad ná an t-íosmhéid EUR 285 mhilliún dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/2085 do thréimhse iomlán an chláir Fís 2020;

9. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, gur gheall an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) EUR 646 mhilliún de ranníocaíocht uasta AE do chomhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe an chláir Fís 2020, a bhfuil thart ar EUR 112,6 milliún (17,8 %) de fós le híoc sna blianta atá le teacht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil EUR 158,3 milliún a sholáthar;

10. ag tabhairt dá haire gurbh é 98 % agus 87,8 % faoi seach an ráta cur chun feidhme do bhuiséad gealltanais agus íocaíochta 2021 an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) atá ar fáil do thionscadail an chláir Fís 2020 (i gcomparáid le 97 % in 2020);

11. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon sainmhíniú comhchuibhithe ar chostais riaracháin i measc na gcomhghnóthas, ar bonn é chun ranníocaíochtaí airgeadais a gcomhaltaí a ríomh agus ar réamhchoinníoll é chun na costais sin a dhéanamh inchomparáide; á iarraidh, agus an méid sin á chur san áireamh, go nglacfaí treoirlínte comhchoiteanna le haghaidh gach comhghnóthais chun cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh maidir le haicmiú catagóirí áirithe caiteachais riaracháin, amhail caiteachas ar chomhairliúcháin, staidéir, anailísí, meastóireachtaí, agus cúnamh teicniúil;

**Soláthar agus foireann**

12. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh bainistiú tairiscintí agus conarthaí a shimpliú a mhéid is féidir trí na nósanna imeachta soláthair idirinstitiúideacha arna seoladh ag an gCoimisiún a leanúint agus trí úsáid a bhaint as na creatchonarthaí ilbhliantúla a eascraíonn as sin; ag tabhairt dá haire go gcomhoibríonn an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) le Gnóthais Chomhpháirteacha eile maidir le riachtanais tairisceana chun an iarracht riaracháin a íoslaghdú; ag tabhairt dá haire, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, go ndearnadh formhór chonradh an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) faoi chreatchonarthaí ilbhliantúla a bhí ann cheana, ach amháin i gcás gníomhaíochtaí soláthair oibríochtúil den chuid is mó;

13. ag tabhairt dá haire, i dtéarmaí méide, gurb iad gníomhaíochtaí soláthair oibríochtúla, seirbhísí TF agus eagrú na Seachtaine Eorpaí Hidrigine do 2021 na conarthaí a raibh an luach is airde ag baint leo agus gur simplíodh glao ar thairiscintí a sheoladh agus a fhoilsiú, agus tairiscintí a fháil agus a oscailt trí úsáid a bhaint as eTendering, eNotices agus modúil eSubmission; ag tabhairt dá haire go gcumasaítear leis an gcóras deireanach sin tairiscintí a chlárú go huathoibríoch le córas TF an Choimisiúin Eorpaigh um bainistiú doiciméad; ag tabhairt dá haire go bhfuil an leagan is déanaí den eSubmission á úsáid ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) agus, dá bhrí sin, go bhfuil foilsiú, cur isteach agus glacadh tairiscintí agus céimeanna oscailte go hiomlán digiteach anois;

14. á chur in iúl gur mór aici an úsáid a bhaineann an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) as Sign AE, réiteach bogearraí arna sholáthar ag Ard-Stiúrthóireacht Faisnéisíochta an Choimisiúin, lenar féidir ríomhshíniú cáilithe (QES) a chur i bhfeidhm ar dhoiciméid; ag tabhairt dá haire go bhfuil QES á chur i bhfeidhm anois ag an gclároifig (PO) maidir lena chonarthaí, rud a éascaíonn próisis ghnó tríd an am agus an costas a bhaineann le conradh a shíniú i ndúch gorm a laghdú go suntasach **agus** thairis sin, go bhfuil QESanna, má chuirtear i bhfeidhm iad trí úsáid a bhaint as Comharthaí AE, ceangailteach ó thaobh dlí de, ós rud é go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le haghaidh idirbhearta leictreonacha laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais agus go soláthraíonn siad leibhéal níos airde slándála teicniúla;

15. Ag tabhairt dá haire go raibh 23 ghníomhaire shealadacha, dhá ghníomhaire ar conradh agus dhá shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) an 31 Nollaig 2021;

16. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021 gur mná iad 44 % de na baill foirne agus gur fir iad 56 % den fhoireann, ó thaobh cothromaíocht inscne de, agus go bhfuil aon trian de na poist bhainistíochta ag mná agus dhá thrian ag fir; á mholadh don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) tuilleadh feabhais a chur ar an gcothromaíocht inscne; á chur in iúl gur oth léi nach mó ná 33 % an céatadán de chomhordaitheoirí tionscadail ar mná iad atá ag obair, faoin gclár Fís 2020, i ngrúpaí comhairleacha de chuid an Choimisiúin, i ngrúpaí saineolaithe, i bpainéil mheastóireachta, i saineolaithe aonair, etc.;

17. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh meánráta bliantúil na mball foirne eatramhach do na comhghnóthais uile fós ard le linn na tréimhse ó 2018 go 2021 ag thart ar 11 % de bhaill foirne reachtúla; á mheabhrú gur gnách méadú suntasach ar ráta athraithe bhaill foirne an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) a bheith mar thoradh ar chóimheas ard na foirne conarthaí agus go ndéanann sé an staid foirne a dhíchobhsú tuilleadh; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur cheart fós gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhaintear as baill foirne eatramhacha ós rud é go bhféadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) ina hiomláine, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta, díospóidí féideartha breithiúnacha agus éifeachtúlacht foirne níos ísle;

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

18. ag tabhairt dá haire nach ndearna na comhghnóthais cuid de ranníocaíochtaí na bhfostóirí do bhaill foirne na gComhghnóthas a íoc le scéim pinsin an Aontais ó 2016 i leith, ar ranníocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chóimheas a n-ioncam fóirdheonaithe tríú tír iad agus a n-ioncam iomlán, ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséad na gcomhghnóthas ná nár iarr sé na híocaíochtaí go foirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo;

19. ag tabhairt dá haire gur eagraíodh seisiúin chomhpháirteacha TF in 2021 in éineacht leis na comhghnóthais eile agus é mar phríomhchuspóir acu ullmhú don aistriú chuig Oifig 365, SharePoint agus OneDrive;

20. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, gur ghlac baill foirne am le linn phaindéim COVID-19 chun páirt a ghlacadh in oiliúint ar líne chun a gcuid eolais a bhaineann lena bpoist a leathnú; agus ag tabhairt dá haire gur spreagadh an-mhór rannpháirtíocht san oiliúint chun baill foirne a choinneáil spreagtha agus nasctha le baill foirne le linn na dianghlasála;

21. ag tabhairt dá haire, i mí Feabhra 2021, gur ghlac Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan 2 le Sysper agus gur cuireadh modúil nua leis an gComhghnóthas i rith na bliana; á chur in iúl gur mór aici, thairis sin, go n-úsáidfear an Córas Próiseála Misin agus go bhfuiltear ag súil leis an ngné de mheastóireachtaí foirne agus de arduithe céime do bhaill foirne; ag tacú le húsáid na huirlise earcaíochta nua, Systal, a cuireadh i bhfeidhm i gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan 2 i mí na Samhna 2021, agus déanfar an chéad earcaíocht eile trí úsáid a bhaint as an gcóras sin agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir leis na huirlisí sin cabhrú chun tacú le hearcú riachtanach oibrithe ardoilte;

**Iniúchadh inmheánach**

22. Ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, go ndéantar an t-iniúchadh inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 20 de rialachán airgeadais an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2);

23. á thabhairt chun suntais gur ghlac an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí (IAS) in 2021 le plean gníomhaíochta a d'fhorbair Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) chun aghaidh a thabhairt ar dhá mholadh thábhachtacha a eascraíonn as iniúchadh IAS ar chur chun feidhme deontais an chláir Fís 2020 i gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan 2 agus gur chinn sí go bhfuil an plean gníomhaíochta leormhaith chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú;

24. ag tabhairt dá haire, in 2021, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta a comhaontaíodh, gur chuir an Comhghnóthas na cleachtais faireacháin reatha maidir le rioscaí agus castacht na gcomhaontuithe deontais ar bhonn foirmiúil agus gur fhorbair sé treoir inmheánach chun faireachán a dhéanamh ar scaipeadh agus saothrú thorthaí thionscadail an chláir Fís 2020; ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2021, gur mheas an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) na pleananna gníomhaíochta uile a bheith curtha chun feidhme ina n-iomláine;

**Rialú inmheánach**

25. ag tabhairt dá haire, i dtuarascáil na Cúirte, maidir leis an Seachtú Creatchlár Taighde íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh, go ndéanann an Comhghnóthas H2 Glan iniúchtaí *ex post* ag na tairbhithe, agus i gcás íocaíochtaí Fís 2020, tá an chomhsheirbhís iniúchóireachta in Ard-Stiúrthóireacht Taighde agus Nuálaíochta an Choimisiúin freagrach as na hiniúchtaí *ex post*; ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na torthaí iniúchóireachta *ex-post* a bhí ar fáil ag deireadh 2021, gur thuairiscigh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) earráid ionadaíoch 2,0 % (i gcomparáid le 1,97 % in 2020) agus ráta earráidí iarmharacha 1,0 % (i gcomparáid le 1,01 % le haghaidh 2020) dá Sheachtú Creatchlár Taighde, agus ráta earráide ionadaíoch 2,16 % (mar an gcéanna le 2020) agus ráta earráidí iarmharach 1,3 % (i gcomparáid le 1,34 % do 2020) do thionscadail an chláir Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí);

26. ag tabhairt dá haire, chun measúnú a dhéanamh ar rialuithe íocaíochta oibríochtúla an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2), go ndearna an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') iniúchadh ar íocaíochtaí Fís 2020, arna sampláil go randamach, a rinneadh in 2021, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh, chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex-post* (maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais arna dtástáil ag na tairbhithe, gurb ionann an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe agus 1 % de na costais iniúchta); á chur in iúl gur oth léi, i gcás amháin, gur aimsigh agus go ndearna an Chúirt cainníochtú ar earráid a tharla mar thoradh ar ró-éileamh a bheith déanta ar chostais phearsanra mar gheall ar bhotún cléireachais, agus i gcás eile, laige rialaithe shistéamach neamh-inchainníochtaithe a bhaineann leis an gcás nach bhfuil nós imeachta bailíochtaithe ag an tairbhí chun cuntas a choinneáil ar na huaireanta oibre a chaitear ar an tionscadal;

27. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, mar gheall ar earráidí sistéamacha leanúnacha i gcostais pearsanra dearbhaithe, go háirithe ó thaobh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus tairbhithe nua (ar mó an baol earráide atá iontu ná tairbhithe eile), go raibh a rialú inmheánach neartaithe cheana féin ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaithe maidir le FBManna agus tairbhithe nua. ag tabhairt dá haire gur léir na bearta den chéad uair in 2021 agus gur rannchuidigh siad leis an ráta earráide ionadaíoch a ísliú go suntasach ó FBManna agus ó thairbhithe nua le dhá bhliain anuas; á chur in iúl gur geal léi na torthaí dearfacha ó thaobh rátaí earráide laghdaithe agus toilteanas an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan (Clean H2) leanúint leis na rialuithe rioscabhunaithe treisithe in 2022, le cabhair ón uirlis faireacháin threisithe atá ar fáil i gcóras corparáideach COMPASS/SyGMa le haghaidh bainistiú deontas an chláir Fís 2020.

28. á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú a dhéanamh ar rialacha Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe chun rátaí earráide a chobhsú faoi bhun an leibhéil ábharthachta; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thosaigh gach comhghnóthas in 2022 ar ghníomhaíochtaí maidir le laghduithe ar an ráta earráide a chur chun feidhme i gcomhréir leis an ngníomhaíocht a mhol an Chúirt, lena n-áirítear féachaint ar na roghanna maidir le foirmeacha simplithe costas amhail costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe.

29. ag tabhairt dá haire, i dtuarascáil na Cúirte, maidir leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) go ndearnadh an obair leantach ar bharúlacha uile na mblianta roimhe sin a thabhairt chun críche mar gheall ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha na gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) a rinneadh le linn 2021;

**Coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú, agus straitéis frithchalaoise**

30. á chur in iúl gur geal léi go raibh nósanna imeachta um choinbhleacht leasa i bhfeidhm do chomhaltaí Bhord Rialaithe Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) agus na gcomhlachtaí comhairleacha araon, agus gur athnuadh iad i mí na Nollag 2021 i raon feidhme rialacha nós imeachta nua glactha an Bhoird Rialaithe don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) agus, ina theannta sin, gur cuireadh bearta sonracha chun feidhme chun coinbhleachtaí leasa na saineolaithe atá i gceannas ar mheastóireacht ar iarratais ar dheontais agus ar an athbhreithniú ar thionscadail agus ar thairiscintí a chosc agus a bhainistiú;

31. ag tabhairt dá haire gur rannchuidigh an Comhghnóthas u Hidrigin Ghlan (Clean H2) go gníomhach le straitéis rialaithe an chláir Fís Eorpach (*ex ante*, iniúchadh agus cosc calaoise) a fhorbairt trí pháirt a ghlacadh sna meithleacha tiomnaithe arna mbunú ag an gComhionad Cur Chun Feidhme agus trí ionchur a sholáthar;

32. á chur in iúl gur geal léi go n-áirithíonn an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) freisin cur chun feidhme chomhstraitéis frithchalaoise an phobail taighde; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí a eascraíonn as an straitéis seisiúin múscailte feasachta a eagrú laistigh den Chomhghnóthas agus comhar le OLAF i gcás iniúchtaí rioscabhunaithe arna ndéanamh ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Comhchoiteann nó ag conraitheoirí seachfhoinsithe.